6069.M7C

6069L001A1IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Ardleibhéal

## 2 uair 20 nóiméad

160 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe** — Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cad atá á lorg ag Comhairle Contae na Gaillimhe?

**(b)** Scríobh síos **dhá** chineál eolais a chuirfidh an duine a cheapfar ar fáil do chuairteoirí.

(i)

(ii)

**2.** Luaigh cáilíocht **amháin** atá riachtanach don phost seo.

**3.** Cén seoladh ríomhphoist ar chóir litir iarratais a chur chuige?

### FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cén grúpa scoláirí ar a bhfuil na ceardlanna seo dírithe?

**(b)** Scríobh síos **dhá** rud a thaispeánfar do na scoláirí sna ceardlanna seo.

(i)

(ii)

**2.** Cad é an dáta deireanach le haghaidh iarratas ar cheardlann an scoilbhliain seo?

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1.** Scríobh síos **dhá** chúis a raibh moill mhillteanach ar gach eitilt ó Ghlaschú aréir, dar le Nóra.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**2.** Cén mhoill a bhí ar eitilt Nóra?

| |
|---|
| |

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos an **dá** phointe eolais faoin gcúl iontach a scóráil Éire sa chluiche sacair i bPáirc Hampden oíche Dé Máirt.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**2.** Cad a chinntigh an bua sa chluiche sin d’fhoireann na hÉireann?

| |
|---|
| |
| |

**3.** Cén fáth a mbeidh Nóra ábalta na cluichí a fheiceáil ar RTÉ?

| |
|---|
| |
| |
| |

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth nach raibh Ciara ag súil le gradam 'Scoláire na Bliana'?

| |
|---|
| |

**2.** Luaigh an **dá** mholadh a thug na moltóirí do Chiara.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**3.** Cad a d'éirigh le Ciara agus le Comhairle na Mac Léinn a dhéanamh le linn Sheachtain na Carthanachta?

| |
|---|
| |

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos **dhá** rud a dúirt Ciara ina haitheasc.

| |
|---|
| (i) |
| |
| (ii) |
| |

**2.** Cad a bheidh sa chéad eagrán eile den nuachtán áitiúil? (Is leor rud **amháin**.)

| |
|---|
| |

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cár osclaíodh an dá phointe luchtaithe d'fheithiclí leictreacha an tseachtain seo caite?

**2.** Cén fáth a bhfuil éileamh níos mó ar phointí luchtaithe ar fud na tíre anois?

**3.** **(a)** Scríobh síos buntáiste **amháin** a bhaineann le feithiclí leictreacha.

**(b)** Cén uair a bheidh suas le milliún feithicil leictreach ar bhóithre na hÉireann, dar leis an rialtas?

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cén gradam a bronnadh ar Darren Ó Dubhgáin?

**2.** Conas a roghnaíodh an buaiteoir don ghradam áirithe sin?

**3.** Cén post atá ag Darren Ó Dubhgáin ar TG4 faoi láthair?

## Cuid II — An Cheapadóireacht — 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B nó C*** anseo thíos.
**Treoracha:** Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.
Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.
Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

### A — AISTE nó ALT NUACHTÁIN/IRISE — 100 marc

Scríobh AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN/IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(a) An tábhacht a bhaineann le hoideachas maith i saol an lae inniu.

(b) Scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhfuil spéis agam iontu.

(c) An Ghaeilge sa saol nua-aimseartha.

(d) Cúrsaí tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(e) Tionchar an cheoil agus na réaltaí ceoil ar dhaoine óga.

### B — SCÉAL — 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Dílseacht.

(b) Tús maith leath na hoibre.

### C — DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID — 100 marc

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá an t-idirlíon agus na meáin shóisialta ag déanamh dochair don óige.*

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le saoire a chaitheamh in Éirinn.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gaeilge - Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

2 uair 20 nóiméad